

25ú Comórtas Printíseach Idirnáisiúnta

---

Oscailt Fhoirmiúil

---

Halla na Cathrach Corcaigh

---

9ú Meán Fómhair 1979

---

1. CEOL POBAIL
2. MÓR-SHIÚL NA BHFOIRNE  
Poblacht Cónaschta na Gearmáine  
An Ostair  
An Bheilg  
Korea  
Taiwan  
An Spáinn  
Stáit Aontaithe Meirioca  
An Fhrainc  
An Ollainn  
An tSeapáin  
Liechtenstein  
An Ríocht Aontaithe  
An Eilbhéis  
Éire
3. ORÁIDEANNA  
An Comhairleoir Ró-Ónórách S.A. Ó Corra  
Ard-Mhéara Chorcaí  
Seán P. Mac Uilliam T.D.,  
An tAire Oideachais  
Manuel Valentín-Gamzo y de Cardenas,  
Uachtarán  
A.A. Ó hEalaithé  
Cathaoirleach  
Coiste Eagraíochta Náisiúnta na hÉireann
4. AMHRÁN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Mar Ard-Mhéara ar Chathair Chorcaí is onóir shuntasach dom fáiltiú romhaibh chun na cathrach seo. Fearaim céad míle fáilte romhaibh uilig, préalaid eaglaise, uaisle stáit, baill an chóir taidhleoireachta agus ionadaithe cumann, ach go speisialta fearaim fáilte roimh na buíonta printíseach, a gceannairí, a n-oifigigh, a saineolaithe agus a mbreathnadoirí, a bhuil turasanna fada curtha díobh acu d'fhoinn a bheith anseo chun páirt a ghlaicadh san 25ú Comórtas Printíseach Idirnáisiúnta.

Is cathair ársa í an chathair seo, a théann siar chomh fada leis an seachtú aois nuair a bhunaigh Fionnbarra Naofa a eglais anseo. Níos deireannaí, san néú aois bhunaigh na Danair agus na Lochlannaigh láithreacha gnó a chuir tú le tráchtáil agus trádáil na cathrach. Daoine muinteartha iad na Corcaígh ata bródúil as a dtraigisíún agus as an sliocht ón ar shíolraigh siad agus táim-se cinnte de go ndéanfaidh siad gach ar féidir leo chun bhúr gcuairt a dhéanamh taitneamhach. Is álainn í an tuath atá leasmuigh den chathair, go háirithe i dtreo an iarthair agus creidim go bhfaighidh sibh deis le linn bhúr gcuairt roinnt den áilleacht san a fheiscint agus a bhlaiseadh.

Ta stór eolaíochta an duine ag fás i goónaí agus caithfidh oideachas de ghach sórt agus ar ghach leibhéal é seo a aithint. Sé croí na faidhbe atá le réiteach ná go bhfuil níos mó daoine óga ann anois le múineadh agus níos mó eolais le múineadh dóibh ná mar bhi riamh cheana. Ni haon eisceacht í oideachas do na ceirdeanna ceardaíochta. Anseo i gCorcaigh glacaimid leis an gComórtas Printíseach Idir-náisiúnta mar áis athnuachana agus mar thaca, nach beag, sa ghno dúshlánach atá i goónaí ann, ár módhanna agus ár nósanna oibre a neartú agus ar gcaighdeán a shainmhíniú.

Amárach cuirfear tú le hobair na gcomórtaisí agus tá sé intuigthe go mbeadh sibhse na printísigh a bheidh ag glacadh páirt, ábhairín eaglach i dtaoibh a bhuil romhaibh. Guím rath agus toradh fónta ar shaothar an uile dhuine agaibh agus tá síul agam gur de bharr aigne shuaimhneach, síul ghéar agus lámh stuama, ach thar aon ní eile ar mhaithe le cáil a thuilleamh dod' thír, dod' mhuintir and duit fein trí do cheird, a thiocfaidh an toradh san.

Go raibh maith agaibh.

ORAIÐ AN AIRE OÍDEACHAIS, SEAN P. MAC UILLIAM, UAS. T.D.,

AG OSCAILT OIFIGIUÍL AN CHÚIGIÚ SRAITH IS FICHE DE

NA COMÓRTAIS PRINTÍSEACH IDIRNÁISIUNTA

I HALLA NA CATHRACH, CORCAIGH, DÉ DOMHNAIGH, 9 MEAN FOMHAIR

1979

Ní furasta dom a chur in iúl cad é mar phléisiúr agus mar mhórtas a thugann sé dom a fhógaírt go bhfuil an Chúigiú Sraith agus Fiche de na Comórtais Printíseach Idirnáisiunta ar oscailt. Abhar taitnímh dom é go príomha de bharr go bhfuil an deis agam fáilte a chur roimh an oiread sin daoine as an oiread sin tiortha éagsúla go dtí na criocha seo againne.

Is onóir agus is ábhar taitnímh duinn é, a Uachtaráin Gamazo, failte a chur romhatsa agus roimh do Choiste Idirnáisiúnta, fáiltiú roimh na saineolaithe, na treoraithe foirne agus na breathnadóiri oifigiúla, fáiltiú freisin roimh na haíonna iomadúla ó thíortha thar lear agus ó na críocha sa bhaile a mealladh anseo i ngeall ar a spéis sna comórtais, pē acu an spéis sin a bheith pearsanta nó gairmiúil. Thar aon rud eile fearaim fáilte roimh na ceardaithe óga atá anseo d'fhoinn a gcuid scileanna agus a neolas a thaispeáint dá chéile agus don domhan fré chéile, d'fhoinn na scileanna sin a chur i ngníomh i gcomórtas atá oscailte agus dian, d'fhoinn a léiriú cad is féidir a dhéanamh, cén sprioc is féidir a bhaint amach nuair atá caighdeán arda agus barr feabhas i gceist agus d'fhoinn ceannlíne a chur ar fáil thar raon ceirdeanna, a bhféadfaimid ár spriocanna agus ár n-uaillmhianta a thomhas dá réir.

Is é mo ghui go mbainfidh sibh aoibhneas agus sásamh as an tamall a fhanfaidh sibh in Éirinn agus i gCorcaigh agus qur fada ina dhiaidh a fhanfaidh a chuimhne agaibh.

/.....

Rud nach lú a thugann taitneamh dom is ea a mheid a thaispeáin an comórtas seo cad é mar spéis atá sa phrintíseach ag móran leibhéal shoisialta an phobail. Anseo inár measc ag an searmannas oifigiúil chun fáilte a chur romhaibh agus chun aitheantas a thabhairt do ghradam na gcomórtas, tá ionadaithe Eaglaise agus Stáit, ionadaithe no gCór Taidhleoireachta atá creidiúnaithe don rialtas anseo, mar aon le hionadaithe ón saol poiblí agus cathartha, ó ghníomhairesachtai oideachais, oiliúna agus fostaiochta, ó ghnólachtaí tionsclaiochta agus tráchtala, ó cheardchumainn agus ó chullachtaí gairmiúla.

I dtaca le forleitheadúlacht na spéise seo sa phrintíseach, sin é an chomhartha is soileire amuigh gur páirtiocht i an phrintíseach a bhfuil móran comhluadar, gníomhairesachtai agus eagraiochtaí fite fuaite sna céimeanna agus na cuspóiri éagsúla, iad uilig go han-dáiríre mar gheall ar a bhfeidhmeanna féin, mar tuigeann siad go ri-mhaith cad é mar thábhacht atá sa phrintíseach, ní amháin do na printísigh óga féin ach freisin do leas eacnamaioch agus soisialta ár dtire. An rud atá fíor in Éirinn maidir leis seo, tá sé fíor in bhur dtiortha go léir. Do léiriódh an spéis seo freisin sa tacaiocht ghníomhach a tuğadh sa bhaile agus i gcein don Choiste Eagraithe Náisiúnta le linn doibh a bheith ag ullmhú do na comórtais seo.

Is é an bunchuspóir atá ag oideachas agus oiliúintna bprintíseach ná ceardaithe a chur ar fail, ar an mbealach céanna agus gurb é bunchuspóir na gcomórtas seo ná foirfeacht agus ard-chaighdeáin ceardaiochta a chur ar taispeáint. Tuairiscítear dúinn gurb é atá sa cheardaiocht ná múnlú ábhar go foirfe ar mhaithe leis an áisiúlacht nó leis an áilleacht. Sa chiall seo is feidir linne in Éirinn a mhaíomh gur ceann de na traidisiún is ársa san oileán seo an cheardaiocht, agus is ceann de na traidisiún i is mó a bhfuilimid bródúil aisti. Thosaigh an obair mhiotail mar shampla geall le ceithre mhíle blian ó shin in Éirinn; agus do bhlátháigh tionscal in ór agus i gcré-umha sa tir seo i bhfad sular shroich na Ceiltigh í. Maidir leis na Ceiltigh féin, thugadar leo ón Mór-Roinn taithí cheardaiochta a bhi saibhir agus ilghnéitheach mar aon le caighdeán criochnúlachta san obair mhiotail nach raibh a shárú le fáil go dtí sin i dtuaisceart na hEorpa.

Do leirigh an stair ealaonta a ghabh leo go raibh siad in ann glacadh leis an spreagagh a bhí ar fáil ó thionchair lasmuigh, go raibh siad ábalta na gnéithe a b'fhearr a shú isteach o shibhialtachtáí eile agus fí a dhéanamh orthu go dti go raibh siad mar uige nua. Sa saol anallód d'eascraigh na tosca spreagtha as ionradh agus áitriú. Sa nua-shaol tá an cuspoir céanna, beagnach á chur i gcrích ag caidreamh agus comórtas idirnáisiúnta.

I saol soisialta na gCeilteach ba bhaill d'aicme onóraithe agus pribhléidithe na ceardaithe, "an t-aes dána" a tugadh orthu in Eirinn. Breathnáodh ar an gceardaíocht adhmaid, miotail nó cloiche faoi mar bheadh saghas filiúchta ábhartha ann, díreach faoi mar breathnáodh ar an bhfilíocht féin mar cheardaíocht i bhfocail. Bhí an meas ceart ar an bhfiúntas ag sean-sibhialtacht na nGael! I bhfírinne caithfidh gurb é siúd an tráth ba bhreátha d'ár stair - Ré Órga i gceart é nuair tharla comhcheangal idir an Chriostaiúcht, tionchair eachtracha cultúrtha agus teicneolaíochta agus traidisiúin ealaíne na muintire chun an bláthú ionráiteach in Ealaín agus Ceardaíocht na hÉireann a thosaigh sa seachtú céad A.D. a fhorbairt ar luas a bhí cosúil le miorbhúilt. Léiríonn Dealg na Teamhrach, - agus ba chuí mar roghnáodh é chun a bheith ina bhunsmaoineamh do bhonn an chomórtais seo - léiríonn sé cé chomh casta, chomh míniú agus fós chomh fineálta a bhí obair cheardaíochta na linne sin. Ní raibh sa Ré Órga seo, más maith leat, ach meandar i stair na tíre ach ba thréimhse é a d'fhág rian a mhair ó aois go haois. Tá omós i gcónai agaínn don gceardaíocht dá bharr. Bhí bhur Réanna Órga agaibh go léir agus fuair sibh iontu na traidisiúin, na préambacha agus inspioráid a spreagann sinn go léir fré chéile chun caighdeáin fairfeachta a aimsiú i scileanna ceardúla.

Ach tá athrú saoil ann ón Ré Órga sin! Cé go bhfuil mórán de na sean-scileanna inár measc go fóill, ta scileanna nua thart timpeall orainn a bhfuil codanna dióbh ag braith ar an dearthóireacht, codanna ar eolas teicniúil agus codanna ar ábalta theicneolaíoch.

/.....

Is féidir i gconaí d'oilteacht an cheardai siansa a mhúnlu as an gcloch nó piosa niamhrach seodóireachta a chur ar fail. Ach is féidir freisin gurb é an toradh a bheadh ar an oilteacht chéanna ná páirt bhunásach de mheaisín il-chasta, nó cuid riachtanach de chóras cumarsáide nó fuinnimh a mhúnlu. Na ceirdeanna sin ata dirithe ar tháirgí faoi leith a chur ar fail, tá siad eagraithe go minic i bhfoirmeacha éagsúla atá níos speisialta agus níos idirdhealaithe go mór, ach maidir leis na ceirdeanna ata dirithe ar sheirbhisi a chuidionn le hinill agus córais a fheidhmiú, ar sheirbhisi a sholáthraionn na háiseanna casta iomadúla a nglacaimid leo mar chuid den nós beatha nua-aoiseach, tá siad san ag fás agus ag dul i lónmhaire.

Cuireann ré na teicneolaíochta dúshlán in éadan na ceardaíochta i ngeall ar an gcaoi a théann scileanna agus eolas as feidhm go tapaith in ainneoin tamall fada a bheith caite á bhfoghlaim go duamhar, i ngeall ar gan gá a bheith níos mó le scileanna i dtaca le feidhmeanna áirithe a mbreathnófai orthu riamh mar dhia beag i gceird faoi leith, i ngeall ar scileanna nua a theacht i dtreis agus a thuilleadh á n-athru ó bhonn, i ngeall ar ábhair nua, próiseanna nua agus bealaigh oibre nua a bheith á gcur in úsáid. Toscaí iad seo a rachaidh i gcionn orainn go léir, mar ata, seirbhisiú bheith á dhéanamh faoi stiúir an "bosca dhuibh" agus deireadh le fáthmheas agus deisiúchán, próiseanna táirgíochta á ndéanamh faoi stiúir an riomhaire, an tiobhas a bhaineann le hearrai nua tomhaltóra á cheannach in ionad cothabháil a dhéanamh ar an sean chinn - ach maidir leis an bhfeair ceirde rachaidh na tosca i gcionn go tromchúiseach. Tráth a bhfeictear duinn go bhfuil cursaí an tsaoil ag dul i bhfeabhas, nil aoinne in aimhreas faoin bpróiseás táirgíochta a fhágann an tnúth sinn go mbeimid go léir ar mhuin na muice i ndeireadh na dala - chomh fada agus bhaineann le rudai saolta, pé scéal é. Ar bhealach tá Ré Órga comh dhaonnach á lorg againn.

Is cui anseo go mbreathnóimis ar an tsli a dtéann na tosca sin i bhfeidhm orainn agus go bhfiafróimis cén fath go ngniomhaímíd sa chaoi a ndeinimid nuair atá oideachas,oiliúint agus polasaithe fostáiochta á mbeartu againn do cheardaithe óga. I dtús báire bhítheas den tuairim gur sa speisialtóireacht bhreise a bhí freagra na ceiste, agus admhaitear go bhfuil san riachtanach i réimsi airithe, ach tríd is tríd bhi de mhí-bhuntáiste ann go raibh an téarma gearr agus gur lean fadhbanna iomarcaíochta agus ath-thraeneála é.

I dteannta leis na cinealacha seo speisialtóireachta tháinig neamh-fhonn ar lucht fiontraíochta dul ar aghaidh le hoiliúint fhad-teármach, rud a d'fhág níos mó freagrachta ar an údarás poiblí, ionas gur cuireadh mí-threoír ar an bhaint a bhí ag an bprintíseach leis an bhfear ceirde agus gur athraíodh go mór nádúr an phróiseás foghlama sa cheardaíocht. Ba mhinic a rinneadh iarrachtaí ar na fadhbanna a d'eirigh as an speisialtóireacht ionmarcach a fhuascailt trí scrúdú a dhéanamh ar thosca a bhaineann le malartú postanna, trí an mbun-traenáil tosaigh a leathnú, trí scileanna so-aistrithe a lorg, tri mhuiríneacha scileanna no scileanna comh-ghaolmhara a chur ar fáil, nó tri thraenáil mhodulach nó ath-thraenáil tréimhseach. I dteannta leo seo rinneadh imeascadh níos treise idir an oiliúint agus an t-oideachas de bharr gur tuigeadh níos soiléire, da dtabharfaí oideachas ginearálta níos leithne agus é bunaithe ar an eolaíocht, chomh maith le béim níos treise a bheith ar an teicneolaíocht a ghabhann leis an gceird, go mbronnfadh san ábaltacht ar an gceardaí ar ball chun deileáil le hathruithe, agus ní amháin sin ach go ndéanfaí páirtí agus cúntoir de i bpróiseanna inmhianaithe tionscnaimh. Feictear freisin gur comhpháirt an t-imeascadh seo de na beartais a cheaptar chun deiseanna a sholáthar le comh-ionnanas a bhaint amach, beartais ina mbíonn tábhacht nach beag ag an oideachas sna córais shoisialta seo againne.

Is e an glan-toradh atá ar na cliona seo, mar sin féin, gur aistríodh níos mó de thraenáil an phrintísigh go dtí suíomh atá deighilte amachón obair, in institiúidi, áit inar deacair an spreagadh agus an dúshlán a sholáthar atá riachtanach nuair atáthar ag foghlaim trí an obair agus le linn na hoibre. D'fheadfaí a rá freisin, go bhfuil a bheag nó a mhór den bhfrithghníomhaíocht ag gabháil le líon mó de na hathruithe seo agus go loirgímid iontu saghas éigin soiléireachta, nó fealsúnacht éigin a thabharfaidh léas eolais do na hoideachasóiri agus na traenálaithe, agus a rachaidh i bhfeidhm chomh mór sin ar an bprintíseach go soláthrófar an spreagadh agus an fuinneamh áirithe sin ionas go mothóidh sé go bhfuil sé páirteach agus lán duthrachta, rud a bhrostóidh é chun foghlama ar bhealach sásúil.

/.....

I bhfrithchosúlacht, an fhad is a fheicimid printísigh ag caitheamh níos mó agus níos mó daí gcuideama i scoileanna agus in institiúidi oiliúna tá oideachasóirí ag éirí níos buartha mar gheall ar an aistriú o shaol na scoile go saol na hoibre. Cé mhéid den mbuaire seo a éiríonn i ngeall ar chomh mór is atá na córais oideachais agus eacnamaiocht fásta amach óna chéile? Cad iad na bearta ata riachtanach chun iad a stiuradh níos gaire daí chéile i leanúnacas agus i qcomh-thuisceint? Ceisteanna iad sin a chuireann díospóireacht agus cur-is-cuítéamh ar bun i gcuide mhór dá dtíortha. Ach rud fíor is ea é freisin go bhfuil na beartais atá againn chun fadhb an aistrithe a réiteach ag braith go hiomlán beagnach, ar dhroichid a thógáil idir an scoil agus an obair, ar thaithí ar an obair a sholáthar ar mhodh pleanálta, agus é sin ina chuidimeasctha dena cursaí sna blianta deireanacha den scoláiocht. B'fheidir nach bhfuil frith-chosúlacht ansin!

B'fheidir gurb é atá a fheiscint againn ná cothromáiocht nua ag teacht ar aghaidh atá déanta suas de scoth an oideachais agus an scoth den taithí ar obair; faoi mar bheadh coincheap na printíseachta á mhúnlú ar bhealach éigin chun uiliúchta, agus an t-athrú seo a chur i ngníomh maidir le líon dá ndaoine óga atá ag dul in ionadúlacht de réir a chéile.

Seo sinn anseoanois, nuair atá an cuígiú comórtas idirnáisiúnta printíseach agus fiche ag tosú, tráth a bhfuil dúshláin throma ag féachaint san éadan ar bheartais maidir le printíseacht, maidir le ceardaiocht agus maidir le nádúr na hoibre agus na táirgíochta. Tráth is ea é chun ceisteanna bunúsacha a chur faoi cad é bun agus barr na printíseachta agus na ceardaiochta. Tráth is ea é freisin nuair theastóidh ó mhórán daoine aimhreas a chaitheamh agus ceistiúchan a dhéanamh faoi na foshuimh bhunata ata mar bhonn ag na hathruithe meara a tharla le blianta beaga anuas. Biodh go bhfuilimid ag maireachtaíl i qCruinne ata neamhtheoranta is an-teoranta í an chuid de inar bhfuil cónaí orainn agus cumas rialaithe againn. Cuireadh abhaile an fhírinne seo i mórán dar dtíortha le déanáí nuair fuaireamar léiriú mí-thaitneamhach go raibh teorannú i ndán d'ábhar fuinnimh a bhí saor agus éasca a aimsiú. Seans maith gurb é atá i ndán dúinn ná dúshláin chun maolú a dhéanamh ar ár rabairne in úsáid ár n-acmhainní teoranta. Agus bímis dearfa gur dúshláin é seo

/.....

freisin don cheardaíocht, an dúshlán bunseasmhach chun ábhair a mhúnlú ar son cuspoir na háisiúlachta, ach é sin a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh ár n-acmhainní teoranta fuinnimh agus ábhair, ar bhealach go gcoimeádfar, go mathrófar agus go n-ath chúrsálfar na hábhair tárgiochta in ionad iad a scaoileadh amach ag truailliuí ár dtimpeallachta. I gcás mar seo, nár chóir dúinn treisiú lenár mórtas as an gceardaíocht, brat atá á choimeád ar foluain ag na comórtais seo i rith blianta na mear-athruithe - agus an caitheamh indiaidh na hailleachta, rud a thugann an oiread taitnímh don té a cheapann is a thugann don té a ghlacann?

Táimid anseo dá bhri sin, dar liom, de bharr go gcreidimid gur dual do scileanna ceardaíochta iad a onórú agus a mholadh os ard. Táimid anseo de bharr gur priomh-chúram againn go leír é go n-ullmhoimis ár ndaoine óga chomh maith agus ab fheidir linn i gcomhair dúshlán an ama atá rompu agus de bharr go bhfuilimid dearfa gur modh cumasach agus fiúntach í an phrintíseacht chun an chuspóir sin a chur i gcrích. Táimid anseo de bharr gurb é ár ndóchas gur feidir linn ár gcion fein a dhéanamh chun a shaol a fheabhsu do chách de thoradh maístreacht a fháil agus a choinneáil ar na scileanna agus na teicniúchtaí ionadúla atá riachtanach chun maireachtáil go slán agus treabhadh chun cinn sa saol nua-aimsire, agus an mháistreacht sin a roinnt go fial ar a chéile. Táimid anseo de bharr go bhfuilimid cinnte, má dheinimid forbairt ar scileanna agus ar bhuaná ár ndaoine óga gur féidir linn cuspoir comóna a bhaint amach mar chomh-ghuallaithe agus mar chomh oibrithe chun cath a fhógaírt ar bhochtanas agus ar ghalair, ar ghátar, aineolas, ainnise agus éadóchas. Táim cinnte go bhfuil mórán de na smaointe seo in ár n-aigne ar an ócaid shollúnta seo, smaointe a fhágann sa gcúrláid naisiúntacht agus comórtas, smaointe a stiuráíonn ár ngníomhartha go fiosach le linn gníomhaíochta ina bhfeicfear buaiteoirí is dócha, ach nach dtarlóidh cailliúnaithe ar bith.

/.....

Ardóidh cuid acu an chraobh leo, maille le mórmholadh, agus a chonach sin orthu. Ach bhéarfaidh siad go léir leo eolas, agus tuiscint agus comrádaíocht, agus cuimhne ar eachtra a rabhadar pairteach ann, a mbeidh tionchar buan seasmhach i bhfad agus i gceín acu ar mhórán daoine i móran aiteanna ar domhan.

Agus dá bhri sin beidh cupla céim eile tógha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta chun Gairmoideachas agus Oiliúint a threisiú i dtreo a cuspoiri a thabhairt chun críche agus í ag gluaiseacht ar aghaidh go dti a Ré Órga féin. Sa chomhthéacs seo, a Chathaoirligh, is ea atá sé d'ónóir agam a fhógaírt go bhfuil an cùigiú sraith águs fiche de na Comórtais Idirnáisiúnta Printíseach ar oscailt.

\*\*\*\*\*

## Fáiltiú Uachtaráin na Comhdhála

Céad failte roimh Oílimpiad na teicnifochta agus na hoibre arís.

Thar ceann Comhdháil Ball ár nEagraíochta, a bhronn an onóir ormsa bheith i gceannas an chruinnithe seo fearaim fáilte croiúil roimh ghach uile dhuine atá páirteach ins an chomortas neamhgnách seo, an 25ú Comórtas Idirnáisiúnta. Fáiltíم go speisialta roimh na hiomathoiri óga atá tar éis teacht anseo ó ghach uile aird den domhan chun bhúr nachmhainn teicniula agus bhúr mian chun chomhoibriú agus maireachtain le cheile a theasbáint.

Ba mhaith liom béis a chur ar bhrí speisialta ár dteaghála i 1979. Inniu buaic chúrsa fhadálach oibre agus comhoibriú a thosnaigh triocha bliain ó shin idir dhá thír Eorpach agus atá anois ag tabhairt caoi dúinn ár 25ú leagan den Oílimpiad a reachtaíl le díograis. Tá ionadaithe mórréanna éagsúla linn, toscairí teicniúla, saineolaithe agus daoine óga go bhfuil de chuspóir acu maireachtain le cheile agus fónamh dá cheile, biodh go bhfuilid ag labhairt teangacha éagsúla.

Ní féidir liom a rá go bhfuil uimhreacha agus dátaí draíochta ann mar go bhfuilim cinnte de go bhfuilimid tar éis na díograíse agus na suime céanna a chur i ngach comórtas go nuige seo. Do ghach thír a reachtaíl na comórtaisí, thugamar forbairt teicniuil. sonas don aos óg agus ár nguí seasmhach ar son síochána agus tuisciona ar fud an domhain. Ach neamhcíosúil le nithe beo eile, ta treith neamhchoitianta staire i neacha daonna mar go bhfuil eolas acu ar na nithe ata thart agus ar na nithe a d'fhéadfadh tárlú sa todhcháin. An ní atá thart ní hamhlaidh go ndéantar cloch fhuar de ach cosúil le síolta a chaitear ar thalamh thortúil, frithghníomhaíonn sé agus le hiarrachtaí gan traochadh gach aoinne, tagann sé i mbláth a thoraidh.

Os rud é go bhfuil ár nIúbháile cùig mbliana fichead sroiste againn ciallaionn sé go bhfuil cuidiú tábhachtach neartaithe againn i stair an chultúir agus na sibhialtachta mar ní féidir pobal saor nua aimseartha a bhunú ach amháin ar bhonn cruthaithe daonnaí in iomlán de dhaoine óga. Sa tstí san tugtar leanúnachas do luacha ar a bhfuil saol sóisialta ó ghlún go glún bunaithe agus baintear amach breis saoirse agus cearta.

Nil aon dabht ann ná gur thuigh bunaitheoirí an chumainn bhreá seo, an Comórtas Idirnáisiúnta, na deacrachartaí a bhí le sárú agus tá sé fíor go raibh tráthanna ann go rabhadáridir dhá chomhairle. Coinníollacha teicniúla ba chúis, sé is dóichí, leis na deacrachartaí seo ach bhí cùis mhaith eile leis im' thuairimse agus bé sin an easpa tuisciona a theasbáin an chuid daoine nach raibh an spiorad mórchroíoch ceanna acu agus nach raibh chomh fad'hreathnach leis na bunaitheoirí céanna. Ach isé lomchlar na fírinne ná go bhfuaireamar tacáfocht ins na tíortha go léir in a raibh ár gcomórtaisí os na hIonadaithe Stait ab aoirde os na Rialtaisí, os na hAireachtaí agus na Cumainn Poiblí a bhí freagarthach as oideachas agus saothar. Ta fhios agam go ndeachaigh na Ceard Chomórtaisí Oiliúna i bhfeidhm go mór i gcoinéar na tíortha seo ó thaobh foirfeachta dáiríreachta agus éifeachta de agus is de bharr na cúise seo a deirim gur cóir, doibh siúd go léir go bhfuil cuid mhór dá saoil caite go dúthrachtach acu ar an obair seo, a bheith sásta agus bródúil as a niarrachtaí.

Ainneoin dul chun chinn na heolaíochta agus na teicneólaiúchta i rith na mblianta san go léir agus ainneoin athraithe mhóra pholaitiúla agus shóisialta agus fiú amháin ainneoin anathaithe eachnamaiochta doimhne i dtíortha forbartha agus nciamhfhobart - ainneoin iad san go léir - maireann na comórtaisí agus bhíomar in ann, muid féin a chur in oiriúint do ghach tosca, ba chuma cé chomh athraithe no curtha i dtoll a cheile a bhí sé agus ag an am céanna cuidiú le caomhnadh slitebeatha ealaíonta agus láimhe.

Anois, gan trácht in aon chor ar an mbeart sásúil, ár 25ú comórtas a reachtáil, cuireann sé áthas ar leith orainn an comórtas a reachtáil in Éirinn. Nil aon deacracht agam éad na dtíortha eile athúiscint mar is le Coiste Náisiúnta na hÉireann a bhí an tadháir nílubhaile cùig mbliana fichead a cheiliúradh ins an tír álainn seo. Ach is féidir linn comhgháirdeas a dheanamh linn fein as ucht a bheith sa tír gráach seo arís. Tuigimid go léir go maith na deachachtaí uafásacha a bhí ag Coiste na hÉireann ag déanamh socraithe duinn ach táimid cinnte de gur féidir brath ar éifeacht ár gcáirde anseo in Éirinn agus go mbeidh árd-teasbáinteas againn am mhí seo, Meán Fómhair 1979.

Is mian liom beannú do chathair álainn Chorcaí atá tar éis fíor-chaoin fháilte a fhearradh romhainn. Is mian liom freisin buíochas ar nEagraíochta Idirnáisiúnta a chur in iúl roimh ré d'Udaráis Stáit na hÉireann atá tar éis tacaiocht a thabhairt do Choiste Náisiúnta na hÉireann in eagrú ar 25ú Comórtas Idirnáisiúnta, rud a theasbáineann arís an comhoibriú seasmhach atá tugtha le roinnt mhaith bliain anois ag Ríaltas na hÉireann do na comórtaisi.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom a chur i gcuimhne do na h'iomathoirí óga go léir anseo gur cōir don Oilimpiad uaisleacht comhoibriú agus muintearas a chrothú. Le linn na gceithre nOilimpiad is fiche atá thart d'iompar daoine óga mar sibh féin tóirse na díograise agus spiorad na tuisciona le linn dóibh a scileanna a theasbáint. Na laethe atá díreach romhainn beidh siad deacair agus dúshláinach ach i ndeireadh báire, beimid in ann a rá gur buathóirí muid uilig mar gur imriomar an cluiche go spóirtiúil, agus gur chuireamar i dtalamh ársa na hÉireann na mílte uaire de shaothar shona óigeanta fhlaithiúil.

Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Choiste  
Eagraithe den Chuig is Fichiú Comórtas  
Printíseachta Idirnáisiunta

---

Thar ceann an Choiste Eagraithe den Chuig is Fichiú Comórtas seo ba mhaith liom a bheith páirteach leis an Ard Mhéara ag fáiltiú róimh uile anso inniu. Is mór an tógáil croí é an oiread san náisiún a fheiscint ag glacadh páirt lena foirne fear is ban óg atá cruinnithe le cheile ar an státse seo, agus tá mé cinnte gur ócáid bhróduil dóibh e. D'fhéadfáí a radh go bhfuil tíortha ó gach aird den domhan páirteach anso, ón tSeapáin san oirtheor go dtí na Stáit Aontaithe san iarthar. Is geal liom gur shroich sibh uile ceannchúrsa anso go slán sábháilte agus tá suíl agam go mbainfidh sibh leas oideachasuil as bhur dturas go Corcaigh ó thaobh taithí in obair an chomórtais agus in bhur bhforbairt phearsanta tre theagmháil leis an oiread san daoine eile ag a bhfuil comhscileanna agus comhdhearcadh.

Ba mhór an onóir é gur iarr an tAire Oideachais ar Choiste Gairm Oideachais Chathair Chorcaí an cuig is fichiú Comórtas Printíseachta Idirnáisiúnta a eagrú. Is i seo an dara ócáid ina bhfuil an comórtas á reachtail sa tir seo, is i mBaile Átha Cliath a bhí an chéad ceann sa bhliain 1963.

Thosnuigh an Coiste Eagraithe ar a chuid oibre breis is bliain c' shin ag déanamh na hullmhúchain cui do reachtáil na gcomórtas. Is é Coláiste Teicniúil Réigiúnda Chorcaí lár-ionad na gcomórtas agus is mór an meid oibre atá curtha isteach ag déanamh na hathruithe riachtanacha i gcás go mbeadh sárchaighdeán ar fáil do sna triaileacha ceirde éagsúla. Tá an Coiste Eagraithe faoi chomaoin ag an Roinn Oideachais, ag foireann an Choláiste agus ag a láin eile de bharr na sáriarrachtaí ionmholtá a dhéanadar chun a dheimhniú ná dearmadfaí an comórtas seo go fuiriste.

Tugann na comórtaisi seo seans do dhaoine óga a bhfuil suim dùthrachtach acu i scil faoi leith a gcuid eolais agus ábaltahta a mheas ag leibhéal idirnáisiúnta. Is mór an leas atá tagtha agus a leanfaidh ag teacht as an ócáid seo. Ach braitheann foirfeacht an fheachtais ionlán ar suim na bprintíseach nóg, agus in ainneoin athruithe agus forbairt tapa atá tagtha ar teicníocht agus teicneolaíocht scil le déanáí is mór an sásamh é leanúnachas i suim agus i dtraigisiún chomh láidir a thabhairt faoi deara in an oiread san tir i gcuid de ghníomhachtaí ársa an duine atá ag déanamh earrai atá úsaídeach agus álúinn as ábhair nadúrtha.

Tugaimid faoi deara freisin athbheochaint suime i gceardaiocht agus i dtáirgi cheardaithe go háirithe imeasc óige an lae inniu a thugann tú aite go minic do ornáidí lámhadhéanta ar nós earraí photaireacht lámhadhéanta, criadoireacht nó shoíodoireacht adhmaid agus obair leathair, gan ach iad so amháin a lua.

Is mór i suile lucht déantusaiochta agus tráchtala e an comórtas a bheith a reachtaíl i gCorcaigh mar gur tábhachtach an ócaid í don tir agus go háirithe don dúthaigh máguaird. Is mór an fhorbairt tionsclaióchta atá anso faoi lathair agus tá mé cinnte de go dtabharfaidh ár gcuairteoirí ó thiortha eile faoi deara tábhacht agus poiteinseal réigiún Chorcaí le linn a gcuid ama anso.

Guim gach rath ar na printisigh go bhfuil a n-iarrachtaí ag tosnú amárach. Is iomdhá mí atá caite agaibh ag ullmhú don ócaid seo, agus cé go ndeirtear go bhfuil foireann ag gach tir is duine daonna gach ball den bhfoireann sin atá freagrach dá cheird faoi leith. Déanadh gach mac máthar agus inion athar agaibh bhur seacht ndícheall le hiarracht macánta a dhéanamh. Nil suíl ag éinne le níos mó ná san.

Ta clár de ócайдí soisialta agus de thurasanna leagtha amach díbh agus tá suíl agam go mbainfidh sibh taitneamh asta so agus go mbeidh aithne níos fearr agaibh orainn dá mbarr. D'fhéadfadh sé a thárlu go dtiocfadhbh sibh arais uair éigin níos déanaí ar laetheannta saoire agus beidh áthas orainn sibh a fheiscint ag filleadh go nEirinn.

Arís, guim gach rath agus séan oraibh le linn bhur dtréimhse i gCorcaigh.

Go raibh maith agaibh.